



## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2016*

# *Gaeilge Gnáthleibhéal*

Páipéar II

200 MARC

Dé Máirt  
14 Meitheamh  
Maidin, 9.30 go dtí 11.50

*Treoracha d'iarrthóiri ar leathanach 3*

# **Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.  
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## **FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).**

*Ceist 1:* LÉAMHTHUISCINT: A (lch 4 & 5)

**agus**

B (lch 6 & 7)

*Ceist 2:* PRÓS: AINMNITHE (A) (lch 8)

**nó**

ROGNACH (B) (lch 9)

*Ceist 3:* FILÍOCHT: AINMNITHE (A) (lch 10 & 11)

**nó**

ROGNACH (B) (lch 12)

Freagair A agus B anseo.

A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

### Laoch ag Imeacht agus Laoch ag Teacht

1. Bhí beirt aisteoirí móra ón tír seo sa nuacht i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Fuair Maureen O'Hara bás ar an 24 Deireadh Fómhair. Réalta mhór scannán ba ea í idir 1940 agus 1960 agus bhí clú uirthi ar fud an domhain. Díreach ag an am céanna, fad a bhí an seanlaoch ag imeacht ón stáitse, bhí réalta nua ón tír seo ag déanamh dul chun cinn i ndomhan na scannán. Bhí an t-aisteoir óg Saoirse Ronan á moladh go mór sna meáin chumarsáide as a páirt sa scannán nua *Brooklyn*.
2. Rugadh Maureen O'Hara i Raghnallach i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1920. Thosaigh sí ag aisteoireacht in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath nuair a bhí sí an-óg. Chonaic Charles Laughton, aisteoir agus fear déanta scannán as Sasana, ar an stáitse í. D'aithin sé a tallann mar aisteoir. Bhí páirt thábhachtach ag Charles i saol Maureen mar aisteoir. Thóg sé go Los Angeles í agus fuair sé páirteanna i scannáin éagsúla di. D'éirigh go maith léi in Hollywood. Thaitin a gruaig rua agus a súile glasa le lucht na scannán. Ba mhinic a ghlac sí ról mar bhean láidir acláí sna scannáin.
3. Bhain Maureen O'Hara clú agus cáil amach as a páirt sa scannán *The Quiet Man*. Rinneadh cuid mhór den scannán seo i gContae na Gaillimhe agus i gContae Mhaigh Eo. Ba iad Maureen agus John Wayne na réaltaí sa scannán. Sa scéal, titeann fear Meiriceánach (John Wayne) i ngrá le cailín álann Éireannach (Maureen) agus pósann siad. Bíonn siad ag argóint agus ag troid i rith an scannáin ach bíonn siad sona sásta sa deireadh. D'éirigh go maith leis an scannán sna Stáit Aontaithe. Thaitin an scéal grá leis na daoine agus cheap siad go raibh na radhairc d'áiteanna in Éirinn ar fheabhas ar fad.
4. Rugadh Saoirse Ronan i Nua-Eabhrac sa bhliain 1994. Bhog sí go hÉirinn lena tuismitheoirí nuair a bhí sí trí bliana d'aois. Thosaigh sí ag aisteoireacht sa dráma teilifise *The Clinic* sa bhliain 2003. Bhí sí mar Luna Lovegood sa tsraith scannán *Harry Potter*. D'éirigh go han-mhaith léi sa ról mar dhéagóir sa scannán *Atonement* (2007). Tar éis di an scannán sin a dhéanamh, dúirt sí go raibh sí cinnte gur mhaith léi a saol a chaitheamh ag obair mar aisteoir. Bhí sí páirteach ina lán scannán ó shin i leith. Tá a lán duaiseanna buaite aici agus tá moladh mór faighte aici ó na criticeoirí.
5. Tá Saoirse ar fheabhas sa phríomhpháirt sa scannán is déanaí a rinne sí, *Brooklyn* (2015). Baineann an scannán le saol Eilis Lacey, bean óg a fhágann a baile i Loch Garman go luath sna 1950idí. Téann sí ar imirce go Brooklyn. Bíonn sí an-uaigneach ann ar dtús. Tar éis tamaill, titeann sí i ngrá le fear óg as teaghlaich Iodálach. Ansin tagann drochscéal as Éirinn. Tá a deirfiúr marbh. Filleann Eilis abhaile. Bíonn an chuma ar an scéal ar feadh tamaill go bhfanfaidh sí sa bhaile ach, ag deireadh an scannáin, téann sí ar ais go Brooklyn agus go dtí a grá geal. Bíonn sí sona sa deireadh. Tá críoch shona ar an scannán, díreach mar atá in *The Quiet Man*. Scannán cháiliúla is ea an dá scannán seo, agus tá ról lárnach ag réaltaí de chuid na tíre seo iontu.

Bunaithe ar fhoinsí éagsúla



Maureen O'Hara



Saoirse Ronan

1. (a) Cathain a fuair Maureen O'Hara bás? (Alt 1)

(b) Cén fáth a raibh Saoirse Ronan á moladh go mór sna meáin chumarsáide? (Alt 1)  
(10 marc)
2. (a) Cad a thosaigh Maureen O'Hara agus í an-óg? (Alt 2)

(b) Cén pháirt thábhachtach a bhí ag Charles Laughton i saol Maureen mar aisteoir? (Alt 2)  
(10 marc)
3. (a) Cén **dá** chontae ina ndearnadh cuid mhór den scannán *The Quiet Man*? (Alt 3)

(b) Scríobh síos **dhá** chúis ar éirigh go maith leis an scannán *The Quiet Man* sna Stáit Aontaithe.  
(Alt 3)  
(10 marc)
4. (a) Cad a rinne Saoirse Ronan nuair a bhí sí trí bliana d'aois? (Alt 4)

(b) Cad a dúirt Saoirse tar éis di an scannán *Atonement* a dhéanamh? (Alt 4)  
(10 marc)
5. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi shaol Eilis Lacey in Brooklyn sula dtagann drochscéal as Éirinn. (Alt 5)

(b) Cad a dhéanann Eilis ag deireadh an scannáin *Brooklyn*? (Alt 5)  
(10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Ceiliúradh i gCathair Phort Láirge

1. Is é Port Láirge an chathair is sine in Éirinn. Tá a lán staire ag baint leis an gcathair. Rinne muintir Phort Láirge a stair a cheiliúradh sa bhliain 2014 nuair a bhí an chathair míle agus céad bliain d'aois. Na Lochlannaigh a bhunaigh Port Láirge sa bhliain 914. As an Danmhairg agus as an Iorua i dtuaisceart na hEorpa a tháinig na Lochlannaigh. Roghnaigh siad ceantar Phort Láirge mar áit chónaithe mar bhí sé cois farraige agus bhí an talamh go maith. Tá túr cáiliúil suite cois na habhann i lár na cathrach. Túr Raghnaill an t-ainm atá air. Rinneadh a lán rudaí éagsúla sa túr in imeacht na mblianta. Is músaemanois é. Tá taispeántais agus grianghraif ann anois a thaispeánann stair an cheantair.
2. Thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda sa bhliain 1914, agus chuaigh a lán daoine as Port Láirge ag troid in arm na Breataine sa Bheilg. Duine diobh siúd ba ea John Condon. Nuair a bhí sé ina ógánach bhí sé ag iarraidh dul isteach san arm ach bhí sé ró-óg. D'ínis sé bréag faoina aois, agus glacadh leis san arm. Maraíodh é in ionsaí gáis i gcath Ypres sa Bheilg sa bhliain 1915. Ceaptar gurbh é an saighdiúir ab óige é a fuair bás sa chogadh. Tógadh leacht cuimhneacháin ina onóir i bPort Láirge sa bhliain 2014.
3. Tá foireann sacair Phoblacht na hÉireann ag imirt i gCorn na hEorpa sa Fhrainc na laethanta seo. Bhí an chuma ar an scéal ar feadh tamaill nach mbeadh an foireann ag glacadh páirte sa chomórtas in aon chor ach d'éirigh leo áit a bhaint amach sa deireadh. D'imir siad go han-mhaith i roinnt cluichí agus scóráil siad roinnt cún tábhachtach. Fear as Port Láirge, John O'Shea, a scóráil an cún tábhachtach sa chluiche in aghaidh na Gearmáine i mí Dheireadh Fómhair 2014. Bhí muintir Phort Láirge, agus muintir na hÉireann, ag ceiliúradh an oíche sin. D'imir John O'Shea sacar le clubanna áitiúla nuair a bhí sé ag fás aníos i bPort Láirge. Sa bhliain 1998 thosaigh sé ag imirt le Manchester United. Tá sé ag imirt le Sunderland faoi láthair.
4. Bíonn féile mhór ar siúl i bPort Láirge gach aon bhliain. "Spraoi" a thugtar uirthi agus bíonn sí ar siúl ar feadh trí lá i mí Lúnasa. Tagann na sluaite daoine ag féachaint ar dhrámaí, ar sheónna ceoil agus ar amhránaíocht ar na sráideanna. Bíonn atmaisféar bríomhar sa chathair le linn na féile. Beidh imeachtaí cuimhneacháin ar siúl i bPort Láirge i mbliana in onóir na ndaoine ón gcathair a bhí páirteach in Éirí Amach na Cásca sa bhliain 1916. Beidh taispeántais speisialta sna músaem, beidh féile scríbhneoirí ann agus beidh ceolchoirm mhór le ceoltóirí traidisiúnta ón gceantar ann.
5. Tá ainm Phort Láirge ar eolas ar fud an domhain mar gheall ar an gcriostal iontach a dhéantar sa chathair. Thosaigh tionscal an chriostail i bPort Láirge sa bhliain 1783. Thagadh a lán cuairteoirí go dtí an mhonarcha criostail ag ceannach píosaí agus ag cur eolais ar cheird an chriostail. Dúnadh an mhonarcha criostail sin sa bhliain 2009. Ba bhuelle mór don chathair é sin ach tá criostal á dhéanamh arís in ionad nua sa chathair. Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónai i réimsí éagsúla den saol i bPort Láirge. Beidh go leor cúiseanna ag muintir na cathrach le ceiliúradh a dhéanamh sna blianta atá le teacht.

*Bunaithe ar fhoinsí éagsúla*



*John O'Shea*

1. (a) Scríobh síos **dhá** chúis ar roghnaigh na Lochlannaigh ceantar Phort Láirge mar áit chónaithe. (Alt 1)
  - (b) Cad atá le feiceáil sa mhúsaem i dTúr Raghnaillanois? (Alt 1)  
(10 marc)
2. (a) Cén fáth ar inis John Condon bréag faoina aois? (Alt 2)
  - (b) Cad a tharla do John Condon i gcath Ypres? (Alt 2)  
(10 marc)
3. (a) Cad atá ar siúl sa Fhrainc na laethanta seo? (Alt 3)
  - (b) Cad a rinne John O'Shea sa bhliain 1998? (Alt 3)  
(10 marc)
4. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin bhféile mhór “Spraoi” i bPort Láirge. (Alt 4)
  - (b) Cén fáth a mbeidh imeachtaí cuimhneacháin ar siúl i bPort Láirge i mbliana? (Alt 4)  
(10 marc)
5. (a) Cén fáth a dtagadh a lán cuairteoirí go dtí an mhonarcha criostail i bPort Láirge? (Alt 5)
  - (b) Cad a tharla don mhonarcha criostail sa bhliain 2009? (Alt 5)  
(10 marc)

**Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Rognach).**

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

**(a) Dís**

Freagair na ceisteanna seo a leanas faoin ngearrscéal *Dís*.

- (i) Cén fáth a raibh bean Sheáin míshásta le Seán i dtús an ghearrscéil?
- (ii) Cén toradh a bhí ar an suirbhé, de réir an eolais ar an bpáipéar?
- (iii) Conas a mhothaigh bean Sheáin an mhaidin ar tháinig bean an tsuirbhé chuig an teach? Tabhair **dhá** chúis ar mhothaigh sí mar sin.
- (iv) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais fúithi féin a d'inis bean an tsuirbhé do bhean Sheáin.
- (v) Ar thaitin Seán leat sa ghearrscéal seo? Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.

(25 marc)

**(b) Freagair an cheist thíos faoin scannán *Cáca Milis* nó faoin dráma *An Lasair Choille*.**

**Cáca Milis**

Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán *Cáca Milis* ón uair a thagann Paul isteach ar an traein go dtí deireadh an scannáin.

(25 marc)

**NÓ**

**An Lasair Choille**

Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma *An Lasair Choille* ón uair a thagann Míoda isteach i dteach Mhicil go dtí deireadh an dráma.

(25 marc)

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é an príomhthéama sa ghearrscéal sin, dar leat? Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghearrscéal a léiríonn an príomhthéama sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

- (b) Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scannán sin, mar aon le hainm an scribhneora, a scriobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

## NÓ

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scribhneora, a scriobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Rognach).**

A

– FILÍOCHT AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

**(a) Géibheann**

- (i) Tabhair **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin** faoin íomhá (faoin bpictiúr) den ainmhí a fhaighimid sna línte 1-8 den dán. (8 marc)
- (ii) Cén sórt saoil atá ag an ainmhíanois? Tabhair **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin** faoin saol sin. (8 marc)
- (iii) An bhfuil trua agat don ainmhí sa dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)

**Géibheann**

- |           |   |
|-----------|---|
| <b>1</b>  | Ainmhí mé<br><br>ainmhí allta<br>as na teochreasa<br>a bhfuil clú agus cáil<br>ar mo scéimh |
| <b>8</b>  | chroithfinn crainnte na coille<br>tráth<br>le mo gháir                                      |
| <b>15</b> | ach anois<br>luím síos<br>agus breathnaím trí lethshúil<br>ar an gcrann aonraic sin thall   |
|           | tagann na céadta daoine<br>chuile lá  |
|           | a dhéanfadh rud ar bith<br>dom<br>ach mé a ligean amach.                                    |

**(b) An Spailpín Fánach**

- (i) (a) Cén uair a bhíonn an spailpín “ag siúl an drúchta” i véarsa a haon?  
(b) Scríobh síos an **dá** uirlis a gheobhaidh an spailpín i véarsa a haon.  
(c) Cad a dhéanadh an spailpín i gCarraig na Siúire i véarsa a dó?  
(d) Cén rud a bhíonn á rá ag na daoine i nDurlas i véarsa a dó?

(8 marc)

- (ii) Cén t-eolas a thugann an file dúinn faoi mhargadh na saoire i véarsa a trí?  
(Is leor **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin.**)

(8 marc)

- (iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.

(9 marc)

### An Spailpín Fánach

Im spailpín fánach atáim le fada  
ag seasamh ar mo shláinte,  
ag siúl an drúchta go moch ar maidin  
's ag bailiú galair ráithe;  
ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,  
cleith is píc chun sáite  
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm  
sa thír seo, an spailpín fánach.

Ba mhinic mo thríall go Cluin gheal Meala  
's as san go Tiobraid Árann;  
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn  
cúrsa leathan láidir;  
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic  
ag dul chun tosaigh ceard leo  
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –  
'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal  
ag díol ná ag reic mo shláinte  
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,  
im scaoinse ar leataoibh sráide,  
bodairí na tíre ag tiocht ar a gcapaill  
á fhiafraí an bhfuilim hireálta;  
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –  
siúd siúl ar an spailpín fánach.

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Rognach.**

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **dán rognach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

- (ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

- (b) (i) Maidir le **dán rognach seanaimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad is téama don dán sin, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin** faoin téama sin sa dán.

(9 marc)

- (ii) Scríobh síos an íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán. Tabhair **dhá** phointe eolais faoin íomhá (faoin bpictiúr) sin sa dán.

(7 marc)

- (iii) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais faoin mothúchán sin sa dán.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)